# Treoirlínte d'iarratasóirí

# Scéim na Mórimeachtaí Ealaíon 2024

**Treoirlínte:**
Cuireann na treoirlínte seo eolas ar fáil faoi Scéim na Mórimeachtaí Ealaíon 2024.

Cuideoidh siad leat:

- cinneadh a dhéanamh an bhfuil d'eagraíocht cáilithe le cur isteach ar mhaoiniú faoin scéim seo,
- iarratas a ullmhú ina bhfuil an t-eolas go léir atá de dhíth.

Léigh go cúramach iad, le do thoil, sula dtabharfaidh tú faoin iarratas a chomhlánú.

**1. Mar gheall ar an scéim seo**

Beidh Scéim na Mórimeachtaí Ealaíon oscailte do ghrúpaí gairmiúla cuí chun deis a thabhairt dóibh forbairt a dhéanamh ar mhórimeachtaí ealaíon nó ar ghnéithe de mhór-imeachtaí ealaíon atá á reáchtáil agus á gcur i bhfeidhm trí mheán na Gaeilge nó a bhfuil na healaíona teangabhunaithe Gaeilge mar chuid lárnach díobh.

Díríonn an scéim seo ar mhór-imeachtaí a bhfuil an aidhm acu an Ghaeilge agus na healaíona teangabhunaithe Gaeilge a chothú agus a chur chun cinn trí mheán na Gaeilge nó go dátheangach mar dhlúthchuid de mhórimeacht. Lena chois sin díríonn an scéim seo ar na gréasáin shóisialta Ghaeilge, ar an mórphobal agus ar earnáil na n-ealaíon ar bhonn uile-oileáin agus go hidirnáisiúnta.

Is le hairgead poiblí a bhronntar deontais, agus tá dualgais reachtúla ar Fhoras na Gaeilge luach ar airgead gach tionscadail mhaoinithe a dheimhniú.

Molann Foras na Gaeilge d'iarratasóirí cómhaoiniú a lorg le haghaidh tionscadal, nuair is cuí, agus comhoibriú le heagraíochtaí eile leis an luach is fearr a fháil ó dheontas Fhoras na Gaeilge.

Cuirimid fáilte faoi leith roimh iarratais ó eagraíochtaí atá suite i gceantair aitheanta i straitéisí agus/nó i reachtaíocht rialtais.

**2. An féidir linne cur isteach air?**

Le bheith incháilithe le cur isteach ar an scéim seo caithfidh d'eagraíocht a bheith in ann na critéir cháilitheacha seo a leanas a chomhlíonadh:

- Tá bunreacht ag grúpa an iarratasóra

- Tá árachas dliteanais phoiblí ag an iarratasóir
- Tá cuntas bainc ann in ainm an mhór-imeachta
- Tá uimhir bhailí le haghaidh sheirbhís ar líne na gCoimisinéirí Ioncaim ag an iarratasóir más cuí
- Tá teastas imréitigh cánach ag an iarratasóir más cuí
- Tá ráiteas a léiríonn tiomantas don Ghaeilge déanta ag an iarratasóir
- Tá seicliosta um chumhdach comhlánaithe ag an iarratasóir más cuí

Féadfaidh Foras na Gaeilge cur leis na critéir cháilitheacha seo.

Má tá aon cheist agat faoi ghné ar bith de na critéir cháilitheacha, is féidir leat teagmháil a dhéanamh le Foras na Gaeilge roimh an spriocdháta.

**3. Cad é mar a mheasfar na hiarratais?**

Bainfidh Foras na Gaeilge úsáid as na critéir seo a leanas chun measúnú a dhéanamh ar gach iarratas:

1. (a) Is gá ábhar, líon agus tarraingteacht na n-imeachtaí a bheith trí mheán na Gaeilge, ag teacht le bunaidhm na scéime

   (b) Is gá samhlaíocht chlár oibre lucht reáchtála an mhórimeachta a bheith soiléir.

   (c) Is gá an líon rannpháirtithe a bheith intomhaiste, idir oirfidigh agus lucht freastail.

2. Is gá go gcuirfear le húsáid na Gaeilge i gcomhthéacs chur chun cinn na n-ealaíon teangabhunaithe: aithriseoireacht, amhránaíocht, scéalaíocht, léamh scéalta, puipéadóireacht, drámaíocht, scannáin, litríocht, ealaíontóirí nua a chothú, nó réimse ar bith eile de na healaíona teangabhunaithe a mheallfadh lucht freastail a bhfuil Gaeilge acu.

3. Is gá clár na n-imeachtaí agus gach ábhar bolscaireachta a bheith i nGaeilge nó go hiomlán dátheangach, le tús áite ag an nGaeilge, agus pléite roimh ré le Foras na Gaeilge. Más gné ar leith de mhórimeacht níos mó atá i gceist, is gá aitheantas suntasach a thabhairt don Ghaeilge i litríocht phoiblíochta agus eolais an phríomhimeachta, agus ní mór seo a bheith pléite roimh ré le Foras na Gaeilge. Ní mór dréacht den chlár a chur chuig Foras na Gaeilge sula gcuirfear i gcló é.

4. Is gá clár oibre a bheith ag an iarratasóir a leagann amach aidhm, cuspóir, straitéis, plean forbartha lucht féachana and rannpháirtíochta, plean margaíochta etc.

5. Is gá cumas bainistíochta agus riaracháin a bheith ag an ngrúpa atá ag déanamh iarratais, ina gcuirfear taithí an ghrúpa, struchtúr, réimse saineolais agus speisialtóireachta san áireamh. Más grúpa logánta atá ann agus iad ag feidhmiú ar son scátheagrais nó bratchomhlachta ní mór an gaol, an comhoibriú agus an tacaíocht atá ann leis an scátheagras nó leis an mbratchomhlacht cuí a léiriú.

6. Is gá eolas a thabhairt maidir le maoiniú nó tacaíocht ó fhoinsí eile, e.g. urraíocht, úsáid ionaid, am deonach, maoiniú comhchineáil, teacht isteach measta agus luach ar airgead.

7. Bronnfaidh Foras na Gaeilge marcanna breise ar iarratais a léiríonn go bhfuil plean acu leis an líon lucht freastail a mhéadú.

8. Bronnfaidh Foras na Gaeilge marcanna breise ar iarratais a léiríonn go mbeidh úsáid na Gaeilge chun tosaigh i ngach gné den mhórimeacht, agus san ábhar poiblíochta.

9. Is gá tiomantas a bheith ann comhoibriú leis na ceanneagraíochtaí cuí.

10. Is gá aon mhaoiniú ó Fhoras na Gaeilge a bheith caite sa bhliain féilire reatha.

**Cé atá neamh-incháilithe le bheith ina iarratasóir?**

- Eagraíochtaí reachtúla (comhairlí contae nó aon áisíneacht stáit eile)
- Ceanneagraíochtaí
- Aon iarratas a ndéantar stocaireacht faoi le haon chomhalta boird nó fostaí de chuid Fhoras na Gaeilge

**Gníomhaíochtaí atá incháilithe do mhaoiniú tríd an scéim**

- Imeachtaí ealaíon trí mheán na Gaeilge
- Deiseanna úsáide Gaeilge agus gréasáin shóisialta Ghaeilge
- Mórimeacht a bhfuil úsáid na Gaeilge ar an gclár agus sna hábhair bholscaireachta

**Gníomhaíochtaí nach bhfuil incháilithe do mhaoiniú tríd an scéim**

- Tionscadail nach léiríonn cur chuige nó polasaí soiléir maidir le cur chun cinn na Gaeilge.
- Ní íocfar costais sheasta cosúil le cíos, tuarastail, taisteal, cothú nó billí. Ní íocfar deontas faoin scéim seo ach ar son chostais reatha an mhórimeachta. Ní bheidh ar fáil faoin scéim seo ach cúnamh deontais ó Fhoras na Gaeilge.

**4. Cad é mar a chuirfimid isteach air?**

Sula dtabharfaidh tú faoin bhfoirm iarratais a chomhlánú léigh na treoirlínte ina n-iomláine arís agus déan cinnte go gcomhlíonann d'eagraíocht critéir cháilitheacha na scéime faoi mhír 2 thuas.

Ní ghlacfar ach le hiarratais a chuirfear isteach go leictreonach. Ní ghlacfar le cóipeanna crua d'iarratais. Agus tú ag comhlánú an iarratais caithfidh tú gach ceist a fhreagairt.

Is é **<u>12 meán lae Dé Céadaoin an 10 Eanáir 2024</u>** an spriocdháta le haghaidh iarratas.

Faoin eagraíocht féin atá ag déanamh iarratais atá sé a dhéanamh cinnte go bhfuil an t-iarratas comhlánaithe agus curtha isteach in am. **<u>Ní ghlacfar le hiarratais i ndiaidh an spriocdháta thuasluaite.</u>**

Má tá aon cheist agat faoi ghné ar bith den iarratais, déan teagmháil le Foras na Gaeilge <u>roimh</u> an spriocdháta.

**5. Cad é a tharlóidh dár n-iarratas?**

Déanfaidh Foras na Gaeilge gach iarratas bailí a mheas faoi na critéir luaite i mír 3 thuas.

Cuirfear an cinneadh maoinithe in iúl d'iarratasóirí. Gheobhaidh tú fógra chuig an seoladh ríomhphoist a chuir tú ar fáil i d'iarratas.

Cealófar aon iarratas a ndéantar stocaireacht faoi le haon chomhalta boird nó le haon fhostaí de chuid Fhoras na Gaeilge.

Cealófar aon iarratas ina dtugtar eolas míchruinn.

Is é feidhmeannas Fhoras na Gaeilge atá freagrach as gach cinneadh faoi gach tionscadal atá le maoiniú, agus a chuirfidh gach cinneadh maoinithe i gcrích.

**6. Má éiríonn lenár n-iarratas?**

Má éiríonn le d'iarratas cuirfimid tairiscint chugat ina mbeidh gach eolas ábhartha maidir le híocaíocht agus monatóireacht dheontas na scéime.

Conradh dlíthiúil a bheidh sa tairiscint seo agus ní mór cloí le téarmaí agus coinníollacha an chonartha sin. Féadfar go ndéanfar aon sciar den deontas nó an deontas ar fad a chealú nó a aisghairm má sháraítear aon cheann de théarmaí nó choinníollacha an chonartha.

Ní mór cuntas bainc a bheith ann in ainm na heagraíochta, agus é a bheith faoi stiúir coiste nó boird. Is cóir gach íocaíocht ó dheontas Fhoras na Gaeilge a íoc as an gcuntas seo le go mbeidh cuntas scríofa ar fáil ar gach íocaíocht (e.g. seic, dochar díreach, cárta bainc a bhaineann leis an chuntas, BACS etc.).

**Níl sé ceadmhach cárta pearsanta dochair nó creidmheasa a úsáid agus ní cheadófar aisíocaíochtaí ón gcuntas chuig cárta pearsanta in aon chás.**

**Ní chuirfidh Foras na Gaeilge maoiniú ar fáil d'íocaíochtaí a dhéantar le hairgead tirim.**

Ní dhéanfaidh Foras na Gaeilge aon mhaoiniú ar chaiteachas nach bhfuil ceadaithe roimh ré. Ní íocfar aon deontas go siarghabhálach.

**7. Cad é mar is féidir liom aiseolas a thabhairt, gearán a dhéanamh nó achomharc a lorg?**

Cuireann Foras na Gaeilge fáilte roimh aon mholtaí nó aiseolas a bheadh agat faoin scéim seo.

Má tá ábhar gearáin agat faoin scéim seo is féidir sin a chur in iúl d'Fhoras na Gaeilge chomh maith.

Tá córas achomhairc i bhfeidhm ag Foras na Gaeilge. Mura bhfuil tú sásta leis an gcinneadh a rinneadh maidir le d'iarratas, is féidir leat athbhreithniú a lorg i scríbhinn taobh istigh de cheithre lá dhéag ó dháta na tairisceana faoin gcinneadh. Ní mór gach iarraidh ar athbhreithniú a bhunú ar na cúiseanna seo amháin:

i. Go ndearna Foras na Gaeilge míléamh ar an eolas a tugadh i rith an mheasúnaithe.
ii. Gur imigh Foras na Gaeilge, ar dhóigh shubstaintiúil, ón bpróiseas measúnaithe féin.